Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9953/25**

**TELECOM 180**
**CYBER 160**
**COMPET 496**
**MI 361**
**PROCIV 66**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7929/25 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le nascacht iontaofa athléimneach<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 6 Meitheamh 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le nascacht iontaofa athléimneach, a d'fhormheas an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an cruinniú a bhí aici an 6 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le nascacht iontaofa athléimneach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS NA DOICIMÉID SEO A LEANAS Á MEABHRÚ AICI:

- Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach,
- Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise),
- Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle,
- An teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an nuashonrú ar Straitéis Mhuirshlándála an Aontais agus ar Phlean Gníomhaíochta an 10 Márta 2023 a ghabhann léi dar teideal Straitéis fheabhsaithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh le haghaidh bagairtí muirí atá ag síorathrú,
- Conclúidí ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2023 maidir le Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi,
- Tuarascáil Letta an 17 Aibreán 2024 dar teideal *Much more than a market — Speed, Security and Solidarity. Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens* [Margadh Thar an gCoitiantacht — Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht. An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais],
- Tuarascáil Draghi an 9 Meán Fómhair 2024 maidir le Todhchaí iomaíochas na hEorpa,
- Tuarascáil Niinistö an 30 Deireadh Fómhair 2024 *Safer together – Strengthening Europe's Civilian and Military Preparedness and Readiness* [Níos sábháilte le chéile – Ullmhacht Shibhialtach agus Mhíleata na hEorpa a neartú],
- Tuarascáil an 12 Feabhra 2025 ón nGrúpa um Beartas Speictrim Raidió dar teideal *6G Strategic vision* [Fís straitéiseach 6G],
- Teachtaireacht Chomhpháirteach an 21 Feabhra 2025 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle 'Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le slándáil cáblaí',

AGUS Í AG TÓGÁIL AR NA DOICIMÉID SEO A LEANAS:

- an Páipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal ‘Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?’, an 21 Feabhra 2024,
- an Moladh ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2024 maidir le bonneagair cáblaí fomhuirí shlána agus athléimneacha,
- Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le todhchaí bheartas digiteach an Aontais,
- Conclúidí ón gComhairle an 6 Nollaig 2024 maidir leis an bPáipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal ‘Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?’,

**Creat ginearálta**

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dúshláin nua nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh bhonneagar nascachta an Aontais, dúshláin a eascraíonn as staid gheopholaitiúil atá ag éirí níos casta, mar a léiríonn tionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, chomh maith leis an méadú atá ag teacht ar líon na n-ionsaithe fisiciúla, na gcibearionsaithe agus na n-ionsaithe hibrideacha agus líon na dtubaistí nádúrtha arb iad an athrú aeráide domhanda is cúis leo. LEAGANN SÍ BÉIM AR na himpleachtaí geopholaitiúla cumhachtacha atá ag bagairtí ar bhonneagar nascachta ar bheartas eachtrach an Aontais agus ar thimpeallacht slándála fhoriomlán an Aontais chomh maith.

2. ADMHAÍONN SÍ go nochtar leis na brúnna sin leochaileachtaí na ngréasán talún agus neamhthalún, agus leochaileachtaí na gcáblaí fomhuirí, ar dá dheasca a theastaíonn athshainiú ar chur chuige straitéiseach an Aontais maidir le forbairt an ghréasáin cumarsáide i bhfianaise spleáchas criticiúil ár sochaí agus ár ngeilleagair ar an gcumarsáid leictreonach agus ar an mbonneagar digiteach, chun ceannasacht dhigiteach agus rathúnas eacnamaíoch an Aontais a chosaint ar bhealach oscailte, agus aird ar leith a thabhairt ar an gceannaireacht theicneolaíoch agus ar an athléimneacht eacnamaíoch.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur den bhunriachtanas é cur chuige cuimsitheach maidir le bonneagar gréasáin iontaofa athléimneach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua ar minice romhainn iad, is iad sin tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha, cibirionsaithe agus bagairtí geopholaitiúla. Ba cheart an cur chuige sin a chur san áireamh agus é a chomhtháthú san athbhreithniú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana gan dochar do fhreagracht aonair na mBallstát as an tslándáil náisiúnta.

4. AITHNÍONN SÍ go dtéann formhór mór an tráchta idirlín idir-ilchríochaigh agus codanna den trácht idirlín in-Eorpach trí bhonneagar cáblaí fomhuirí, ar gréasán cnáimhe droma criticiúil é agus ar minice i mbaol é, mar a léiríonn na teagmhais éagsúla a tharla ar ball, go háirithe i Muir Bhailt. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis an méid sin, na bearta atá sa mholadh ón gCoimisiún maidir le bonneagair cáblaí fomhuirí shlána athléimneacha agus GO BHFUIL SÍ AR AON FHOCAL faoin tábhacht a bhaineann le leibhéal níos airde athléimneachta agus comhtháthaithe theicniúil i ngach cainéal cumarsáide - cainéil talún agus neamhthalún san áireamh, agus, gan amhras, cainéil fomhuirí - ar réamhchoinníoll é don chumarsáid iontaofa, athléimneach agus shlán, mar a luaitear sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal ‘Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?’.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE fís an Líonra um an Ríomhaireacht Chomhoibríoch Nasctha ('an Líonra um RCN') a leagtar amach sa pháipéar bán thuasluaite ón gCoimisiún, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis chun ceannasacht dhigiteach an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach oscailte agus ar féidir leis nuálaíochtaí Eorpacha a fheabhsú agus éiceachóras nascachta agus acmhainneachta ríomhaireachtúla a neartú ag an am céanna chun tacú le sonraí agus le feidhmchláir IS-bhunaithe.

6. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an nascacht iontaofa athléimneach, arna cruthú trí chineálacha éagsúla gréasáin a chomhtháthú go teicniúil agus trí éagsúlú, tar éis teacht chun cinn mar cheann de na príomhthosaíochtaí, dá dteastaíonn gréasáin ilsrathacha, idir-inoibritheacha agus iomarcacha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá suaití cumarsáide a mhaolú trí fheabhas a chur ar iomarcaíocht fhisiciúil agus gheografach na ngréasán agus ar an tsoláthair cumhachta do bhonneagar nascachta i gcás gach gréasán cnáimhe droma. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an bonneagar a éagsúlú, go háirithe i gcásanna éigeandála.

7. IARRANN SÍ go mbunófaí cur chuige straitéiseach le haghaidh nascacht iontaofa athléimneach lena gcuirfear san áireamh teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe IS, 6G agus cumarsáid chandamach, straitéis ina leagfar béim ar chóineasú na n-eilimintí éagsúla gréasáin mar shampla eilimintí fosaithe, móibíleacha agus satailíte (agus eilimintí neamh-thalún eile) in éiceachóras digiteach comhtháite Eorpach agus i margadh digiteach comhtháite Eorpach le haghaidh cuideachtaí gan beann ar a méid.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart a chur san áireamh sa chur chuige straitéiseach sin cóineasú na gcineálacha éagsúla gréasáin — lena n-áirítear cáblaí talún, neamh-thalún agus fomhuirí — ach breithniú freisin ar shamhlacha éagsúla gnó agus treochtaí reatha, agus ar an gcaoi sin nascacht uileláithreach shaoráideach a chothú ar fud na hEorpa, iomaíochas a fheabhsú agus margadh aonair na hEorpa a threisiú.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtugtar, le cóineasú na gcineálacha éagsúla gréasáin a chuireann rochtain ar fáil, an deis chun leas a bhaint as láidreachtaí na dteicneolaíochtaí éagsúla agus na saintréithe is fearr iontu a chomhcheangal, ach gur cheart díriú i gcónaí ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chibearshlándála.

10. IARRANN SÍ go ndéanfaí comhordú le taighde leanúnach agus tionscnaimh phíolótacha leanúnacha maidir le nascacht, mar shampla an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, chomh maith le tionscadail bhonneagair nascachta ábhartha eile a fhaigheann tacaíocht ó chistí an Aontais mar shampla Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE2 Digiteach), lena n-áirítear cáblaí fomhuirí, bonneagair nascachta cnámh droma, acmhainneachtaí téarnaimh agus deisiúcháin trí acmhainneachtaí soithí cábla atá ann cheana a ghiaráil, agus iad a fheabhsú, chomh maith le treoirthionscadail mhórscála do thionscadail Ghréasáin 3C. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cláir chistiúcháin a d'fhéadfadh rannchuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais.

11. AITHNÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta chun athléimneacht agus iontaofacht an bhonneagair dhigitigh dhomhanda a fheabhsú agus, ag an am céanna, cur chuige il-pháirtithe leasmhara, duinelárnach agus bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn i leith an chlaochlaithe dhigitigh. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá tacú le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus le tíortha comhpháirtíochta eile trí na hardáin atá ann cheana agus trí thionscnaimh de chuid an Aontais, ar nós Global Gateway, agus laistigh de na fóraim idirnáisiúnta ábhartha mar shampla ITU, lena gcuirtear ar fáil *inter alia* cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta agus tacaíocht airgeadais, agus comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta ag an am céanna chun cóineasú a lorg maidir le cuir chuige bheartais agus samplaí rialála agus normatacha, agus réitigh Eorpacha a chur chun cinn.

**Athléimneacht de réir éagsúlú agus idir-inoibritheacht an chineáil gréasáin**

12. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur féidir nascacht iontaofa athléimneach a fheabhsú trí chineálacha gréasáin a éagsúlú trí bheith ag brath ar mhodhanna cumarsáide ilsrathacha, idir-inoibritheacha trastíre agus neamh-thrastíre a fhaigheann tacaíocht ó bhonneagar láidir cnámh droma, agus trí mheasúnuithe riosca agus dea-chleachtais maidir le bearta maolaithe i gcomhréir leis an Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais agus leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil.

13. AITHNÍONN SÍ go gcuireann forbairt mhear na gcóras cumarsáide satailíte, lena n-áirítear gréasáin ilbhuíonta, a ndéanann gníomhaithe nach den Aontas iad líon mór díobh a oibriú agus a fhorbairt, brú ar rochtain ar fhithisí an Domhain agus ar speictream. AITHNÍONN SÍ ag an am céanna na róil chomhlántacha atá ag córais chumarsáide satailíte agus ag cumais neamh-thrastíre eile, maidir le seirbhís cumarsáide a chur ar fáil gan bhriseadh, go háirithe do réigiúin iargúlta agus réigiúin nach ndéantar freastal ceart orthu, lena gcuirtear iomarcaíocht chriticiúil agus athléimneacht ar fáil in aghaidh suaitheadh talamhbhunaithe, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo chun seirbhísí sábháilteachta agus fóirithinte tubaistí a sholáthar i ngach uile chás.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le IRIS² - lena gcomhtháthófar EURO QCI - chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhadtéarmacha maidir le slándáil, sábháilteacht agus athléimneacht na cumarsáide satailíte. Cuireann sí i bhfios go láidir ról IRIS² maidir le bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cumarsáide satailíte Eorpaí atá ann cheana a neartú, na bearnaí nascachta ar fud an Aontais a dhúnadh agus neamhspleáchas an Aontais ar sholáthraithe neamh-Eorpacha seirbhísí cumarsáide a fheabhsú - go háirithe seirbhísí slána, agus rannchuidiú le ceannasacht dhigiteach an Aontais a threisiú ar bhealach oscailte. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, dá bhrí sin, gur gá IRIS² a chur i bhfeidhm go tráthúil, lena gcomhlánófar agus lena gcomhtháthófar comhpháirt chlár spáis Govsatcom, i gcomhréir le creataí rialála idirnáisiúnta agus náisiúnta chun seirbhísí cumarsáide athléimneacha a chur ar fáil d'úsáideoirí rialtais agus d'úsáideoirí tráchtála.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé rochtain leordhóthanach, shábháilte, iontaofa, athléimneach agus shlán a áirithiú ar fhithisí talún geochobhsaí, meánacha agus ísle agus ar acmhainneacht speictrim raidió a bhraitheann ar chur i bhfeidhm na rialacha a shainítear i Rialacháin Raidió ITU. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, chun cothrom iomaíochta a ráthú do na hoibreoirí uile, gur cheart bunú ceanglas coiteann a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh buíon satailítí a bhfuil rochtain acu ar mhargaí náisiúnta agus ar mhargaí an Aontais, lena n-áirítear iad siúd atá cláraithe faoi chreataí rialála lasmuigh den Aontas, a bheith bunaithe ar thoradh an phlé leanúnaigh laistigh den Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió (RSPG). AITHNÍONN SÍ an éabhlóid leanúnach i dtreo teicneolaíochtaí móibíleacha agus satailíte a chóineasú, lena n-áirítear caighdeánú 5G a rinneadh le déanaí agus forbairt 6G, lena n-áirithítear infhaighteacht rianúil seirbhísí cumarsáide leictreonaí gan beann ar an suíomh, agus ag an am céanna tacú le cumais nuálaíochta Eorpacha agus iomaíocht a fhorbairt san Aontas ar mhaithe le húsáideoirí deiridh.

16. AITHNÍONN SÍ A THUILLEADH an acmhainneacht chlaochlaitheach a bhaineann le seirbhísí satailíte comhlántacha Díreacha go Gaireas (D2D), ar seirbhísí iad a théann níos faide ná feidhmchláir fón cliste tomhaltóirí, chun aghaidh a thabhairt ar mhargaí ingearacha a bhaineann le soghluaisteacht mar atá an earnáil iompair, an earnáil aerloingseoireachta agus an earnáil mhuirí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag seirbhísí D2D maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí, lena n-áirítear an chosaint shibhialta, le tairbhí forleathana ar fud réimsí éagsúla. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh cóineasú breise teicneolaíochtaí satailíte agus móibíleacha fás socheacnamaíoch a spreagadh, athléimneacht gréasáin a fheabhsú, na bearnaí digiteacha a dhúnadh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda nascachta. IARRANN SÍ go ndéanfaí seirbhísí D2D a chomhtháthú go luath i gcóras cumarsáide domhanda IRIS² chun iomaíochas an Aontais a threisiú.

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an dúshlán atá ag dul i méid a eascraíonn as trasnaíocht agus spúfáil a dhéanamh d'aon ghnó ar Chórais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) a mbíonn tionchar acu ar raon leathan bonneagar agus seirbhísí criticiúla. AITHNÍONN SÍ obair Thascfhórsa Trasnaíochta GNSS an Aontais. IARRANN SÍ go ndéanfadh an tAontas iarracht chomhordaithe chun sásra láidir a bhunú chun faisnéis a bhaineann le suaitheadh GNSS a bhainistiú, lena n-áiritheofar tuairisciú tráthúil, comhroinnt sonraí laistigh de theorainneacha na gceanglas slándála náisiúnta agus inniúlachtaí na mBallstát, chomh maith le bearta comhordaithe freagartha ar fud na mBallstát. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sioncrónú beacht ama a chuirtear ar fáil le GNSS bunriachtanach do go leor eintiteas criticiúil agus tionscal straitéiseach, lena n-áirítear eitlíocht, airgeadas agus cumarsáid leictreonach, chomh maith le fuinneamh, iompar agus tráchtáil, agus dá bhrí sin go bhféadfadh iarmhairtí forleathana eacnamaíocha agus sochaíocha a bheith ag aon chineál cur isteach ar na córais sin. IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun réitigh mhalartacha a chur ar fáil ar an bhfeidhmiúlacht leanúnach a sholáthraíonn GNSS.

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go rannchuidíonn infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe mar atá soláthar fuinnimh in-athnuaite, stóráil fuinnimh agus méadrú cliste ní hamháin leis an lorg carbóin a laghdú ach le hathléimneacht an bhonneagair nascachta a neartú freisin, lena n-áirithítear rochtain gan bhriseadh ar fhoinse cumhachta tráth éigeandála.

19. IARRANN SÍ go ndéanfaí infheistíochtaí straitéiseacha a shlógadh chun feabhas a chur ar chosaint agus athléimneacht an bhonneagair dhigitigh, agus béim ar leith á leagan ar cháblaí criticiúla do ghréasáin cnámh droma, chun leasanna straitéiseacha ríthábhachtacha an Aontais a chosaint san Aigéan Atlantach agus i Muir Bhailt, sa Mhuir Dhubh, sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Thuaidh, sa réigiún Artach, agus sna réigiúin is forimeallaí chomh maith. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a phráinní atá sé tacaíocht chuimsitheach a thabhairt do bhonneagar cáblaí fomhuirí, mar a ardaíodh i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí, lena n-áirítear bagairtí a chosc, rioscaí a bhrath, freagairt thapa ar theagmhais, díspreagadh, chomh maith le hacmhainneachtaí téarnaimh agus deisiúcháin trí acmhainneachtaí soithí cábla atá ann cheana a ghiaráil, agus iad a fheabhsú, bunaithe ar obair an Ghrúpa Saineolaithe neamhfhoirmiúil um Bonneagar Cáblaí Fomhuirí, i gcomhar leis an nGrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil agus leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cumais mhéadaithe chun téarnamh ó theagmhais neamhbheartaithe nó ón tsabaitéireacht. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiomarcaíocht nasc snáthoptaice trastíre trasteorann agus bonneagar cáblaí fomhuirí laistigh den Eoraip a áirithiú, ar mhaithe le nascacht dhomhanda. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit de réir na rialacha atá ann cheana maidir le bearta ó Phlean Gníomhaíochta an Aontais a chur chun feidhme.

20. AITHNÍONN SÍ tionscnaimh leanúnacha maidir le hathléimneacht a chothú, mar shampla, faoi chuimsiú Mholadh 2023/C 20/01 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú agus Tuarascáil an Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise (NIS) ar chibearshlándáil agus athléimneacht bhonneagair agus líonraí cumarsáide na hEorpa, mar obair leantach ar Ghlao Nevers an 9 Márta 2022.

21. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá an chibearshlándáil chun bonneagar nascachta iontaofa athléimneach a fhorbairt, chomh maith le slándáil lena laghdaítear na rioscaí a bhaineann le hidirthuilleamaíochtaí teicneolaíochta agus trádála. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá measúnuithe riosca chun rioscaí agus spleáchais slándála a laghdú, chomh maith le soláthróirí iontaofa a úsáid agus líonraí cumarsáide á n-imscaradh. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an Treoir athbhreithnithe maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise agus an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a thrasuí agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh na bonneagair dhigiteacha agus na seirbhísí bunriachtanacha slán. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É na rioscaí a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair a mhaolú do gach cineál líonra agus córais faisnéise agus bosca uirlisí beart a ghlacadh go pras chun rioscaí criticiúla i slabhra soláthair na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a laghdú. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ go gcuirfí dlús le cur chun feidhme iomlán bhosca uirlisí cibearshlándála 5G, chomh maith leis na bearta maidir le slándáil an tslabhra soláthair i gcomhréir leis an dara Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise agus leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, go háirithe an measúnú riosca slándála comhordaithe ar na slabhraí soláthair criticiúla thuasluaite ar leibhéal an Aontais, agus MOLANN SÍ go ndéanfaí plé faoi chur chuige níos comhchuibhithe chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí cibearshlándála atá ag teacht chun cinn sa chumarsáid leictreonach.

22. AITHNÍONN SÍ an tábhacht straitéiseach a bhaineann le líonraí cumarsáide athléimneacha Eorpacha atá comhtháite go teicniúil a fhorbairt lena n-áirithítear cumhdach uileláithreach agus lena n-uasmhéadaítear athléimneacht sna gnéithe éagsúla trí chineálacha líonra a éagsúlú agus iomarcaíocht. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É gur cheart sainiúlachtaí na mBallstát a chur san áireamh agus na líonraí sin á bhforbairt agus gur cheart dinimic an mhargaidh a bheith á spreagadh acu agus tacaíocht spriocdhírithe ón Aontas a bheith ag gabháil leo, lena n-áirítear trí threoirlínte agus trí chistiú do thionscadail straitéiseacha nascachta.

**Margadh aonair le haghaidh nascacht iontaofa athléimneach**

23. AITHNÍONN SÍ go bhfuil bonneagar nascachta iontaofa athléimneach ina chnámh droma agus ina chuid thábhachtach den Mhargadh Aonair, ar príomhspreagthóir é d'iomaíochas agus nuálaíocht an Aontais, agus lena suitear an tAontas ina cheannaire domhanda sa gheilleagar digiteach, ina neartaítear a cheannasacht dhigiteach ar bhealach oscailte.

24. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É gur cheart an Margadh Aonair don chumarsáid leictreonach a dhoimhniú trí chomhchuibhiú breise i gcás inar gá, agus nascacht trasteorann fheabhsaithe, agus samhlacha gnó éagsúla soláthraithe seirbhíse, imthosca réigiúnacha agus inniúlacht náisiúnta na mBallstát maidir le rialacha comhchuibhithe a chur i bhfeidhm a bheith á n-aithint ag an am céanna. CUIREANN SÍ IN IÚL go dtreiseoidh na feabhsuithe ar an Margadh Aonair don chumarsáid leictreonach iomaíochas agus ceannasacht dhigiteach an Aontais ar bhealach oscailte, agus go gcuirfidh siad le cumhdach uileláithreach trí líonraí iontaofa athléimneacha, ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais.

25. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfar, trí líonraí cumarsáide Eorpacha atá comhtháite go teicniúil agus athléimneach a chothú, féidearthachtaí nua margaidh a thionscnamh laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí, agus go cothrománach sa gheilleagar digiteach, rud a fheabhsóidh iomaíochas domhanda an Aontais tríd an nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn.

26. MEASANN SÍ go bhfuil ról lárnach ag an speictream raidió ar mhaithe leis an Margadh Aonair, le geilleagar an Aontais agus leis an tsochaí ina hiomláine. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É go dtacaíonn úsáid éifeachtúil chomhordaithe speictrim raidió le beartais an Aontais, agus an luach sochaíoch á uasmhéadú ag an am céanna, agus go bhfónann an méid sin don chuspóir feabhas a chur ar an Margadh Aonair. MOLANN SÍ go ndéanfaí measúnú ar riachtanais speictrim, lena n-áirítear bandaí mar iarrthóirí oiriúnacha do rolladh amach 6G, bunaithe ar cheanglais chumhdaigh agus acmhainneachta le haghaidh cásanna úsáide líonraí trastíre agus neamh-thrastíre.

27. AITHNÍONN SÍ an tsamhail Eorpach rathúil maidir le comhchuibhiú speictrim de réir a chéile agus ról ITU i mbainistiú speictrim raidió. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an sásra tacaíochta ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit lena gcuirfear creat cuiditheach ar fáil a chuirfidh ar chumas na mBallstát freagairt ar chásanna trasnaíochta trasteorann laistigh den Aontas agus le tríú tíortha, gan a bheith teoranta do shaincheisteanna teicniúla amháin.

28. MOLANN SÍ go ndéanfaí caighdeáin a sheasfaidh an aimsir, a bheidh slán agus iontaofa a imscaradh agus a fhorbairt a thuilleadh mar bhonnlíne d'fhorbairtí teicneolaíocha, lena gcoinneofar ceannasacht dhigiteach an Aontais ar bhealach oscailte, agus lena spreagfar nuálaíocht agus comhtháthú earnáil cumarsáide leictreonaí an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar chur chuige Fhoireann na hEorpa i bhfóraim idirnáisiúnta trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis dhomhanda maidir le caighdeáin a shocrú, trí chaighdeáin arna bhforbairt san Eoraip a chur chun cinn bunaithe ar bhunluachanna atá i gcoiteann ag an Aontas, mar shampla cearta an duine, agus trí straitéis chomhordaithe Eorpach maidir le bonneagar digiteach lena n-áirítear gach sraith chumarsáide a áirithiú.

29. IARRANN SÍ go mbeadh leibhéal níos airde athléimneachta ann trí éagsúlú agus nascacht uileláithreach shaoráideach trí bhíthin líonraí cumarsáide Eorpacha atá comhtháite go teicniúil agus athléimneach a fhorbairt a thuilleadh i gcur chuige ilsrathach lena gcuimsítear, i measc nithe eile: gníomhaíochtaí caighdeánaithe, ionstraimí airgeadais spriocdhírithe a d'fhéadfadh a bheith ann lena dtacaítear le forbairt na líonra sin, agus treoirlínte lena n-éascaítear imscaradh atá faoi thionchar an mhargaidh.

30. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le forbairtí suntasacha i ndáil le líonraí cumarsáide Eorpacha atá comhtháite go teicniúil agus athléimneach. Ba cheart don mhéid sin rannchuidiú le faisnéis a mhalartú agus le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le nascacht shaoráideach uileláithreach a bhaint amach.

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur le hobair an ghrúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil um Bonneagar Cáblaí Fomhuirí faoin gcur chuige straitéiseach beartais a leagtar amach sa Mholadh maidir le Bonneagair Cáblaí Fomhuirí Shlána Athléimneacha agus i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí, agus a mharana a dhéanamh ar thograí nithiúla chun iontaofacht agus athléimneacht na mbonneagar sin a chur chun cinn a thuilleadh mar chuid ríthábhachtach de líonraí cumarsáide Eorpacha bunaithe ar obair an Ghrúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil agus an Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, agus an ghrúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil um Bonneagar Cáblaí Fomhuirí, agus é á mheabhrú ag an am céanna gurb í an tslándáil náisiúnta amháin atá freagrach as an tslándáil náisiúnta.

32. AITHNÍONN SÍ go bhfuil nascacht leanúnach gan bhriseadh ríthábhachtach chun Aontas atá slán agus dea-fheidhmiúil a bhaint amach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tubaistí nádúrtha agus na bagairtí eile is minice a bhíonn ann, rud a fhágann gur dúshlán práinneach é iomarcaíocht an tsoláthair cumhachta do líonraí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar bhearta iomchuí agus iad a mholadh, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais gan tosaíocht a bhaint den chaibidlíocht maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

33. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh tionscnamh comhordaithe ann chun líonra iontaofa athléimneach de bhonneagair dhigiteacha agus d'acmhainneachtaí digiteacha a phleanáil agus a fhorbairt, lena gcuimseofar líonraí cnáimhe droma trastíre fomhuireáin agus satailíte, ar fud an Aontais agus le tíortha comhpháirtíochta idirnáisiúnta, mar shampla trí úsáid a bhaint as creat na Líonraí Tras-Eorpacha agus trí ionstraim TEN-D (Líonraí Tras-Eorpacha – Digiteach) a bhunú. IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chuige an Choimisiúin i leith an Tionscnaimh Nascachta Artaigh chomh maith leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun athléimneacht bhonneagar digiteach réigiúin mhuirí an Aontais a threisiú. LEAGANN SÍ BÉIM AR A RIACHTANAÍ ATÁ SÉ critéir shoiléire, chomhtháite agus inláimhsithe a shainiú agus a leanúint, agus Moladh (AE) 2024/779 a chur san áireamh, agus measúnú á dhéanamh ar Thionscadail Cáblaí ar mhaithe le Leas na hEorpa, feabhas a chur ar an tslándáil agus ar an athléimneacht agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn.

34. GEALLANN SÍ go ndéanfar faireachán agus oiriúnú leanúnach ar chur chuige straitéiseach an Aontais maidir le bonneagar cumarsáide chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicneolaíocha, gheopholaitiúla agus chomhshaoil atá ag teacht chun cinn, lena n-áiritheofar nascacht iontaofa athléimneach ar fud an Aontais.